**Trascheist mhór i gcomhair freagra i scríbhinn G-001001/2021**
**ar an gCoimisiún**
Riail 139
**Sven Giegold**, **Margrete Auken**, **Rosa D'Amato**, **Bas Eickhout**, **Eleonora Evi**, **Martin Häusling**, **Grace O'Sullivan**, **Jutta Paulus**, **Marie Toussaint**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Ábhar: Dlí Comhshaoil an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

Tá dlíthe láidre ag an Eoraip chun daoine, ainmhithe agus an comhshaol a chosaint. Ach is minic nach gcuireann na Ballstáit nó na réigiúin na rialacha sin chun feidhme ach go fuarbhruite nó nach gcuirtear chun feidhme iad ar chor ar bith[1].

1. Níor éirigh leis an gCróit, leis an nGearmáin ná leis an Spáinn a n-uasteorainneacha náisiúnta astaíochtaí $NH_3$ a chomhlíonadh uair amháin[2]. Cathain a chuirfidh an Coimisiún tús le nósanna imeachta um shárú chun an Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta a fhorfheidhmiú[3]?

2. Tá baol mór ann nach gcomhlíonfaidh níos mó ná leath na mBallstát na gealltanais maidir le hastaíochtaí a laghdú le haghaidh 2020-2029 nó 2030[4]. Cathain a chuirfidh an Coimisiún tús le nósanna imeachta um shárú chun Airteagal 6 den Treoir um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta a fhorfheidhmiú?

3. Leantar de thruailliú aeir d'ainneoin nósanna imeachta um shárú. Cathain a dhéanfaidh an Coimisiún INFR(2008)2186[5], INFR(2013)2177[6] agus INFR(2016)2005[7] a tharchur chuig an gCúirt agus smachtbhannaí airgeadais a mholadh i gcás INFR(2008)2199[8]? Conas a sheachnóidh an Coimisiún moilleanna den sórt sin amach anseo?

4. Tá ag teip ar an Danmhairg truailliú nítrigine ón talmhaíocht a laghdú de shárú ar an gCreat Uisce[9], ar an Treoir maidir le Níotráití[10] agus ar an Treoir maidir le Gnáthóga[11]. Maidir le PILOT 8540/16/ENVI, ar cuireadh tús leis in 2016, cathain a bheidh nósanna imeachta maidir le sárú ann mar thoradh air?

5. Níl íoslaghdú déanta ar úsáid lotnaidicídí. Tá éilliú déanta ar 45 % de na suíomhanna poiblí sa Tioról Theas in aice le limistéir thalmhaíochta a ndéantar dianbhainistiú orthu. Cathain a dhéanfaidh an Coimisiún nósanna imeachta um shárú a thionscnamh chun Airteagal 12 den Treoir maidir le Lotnaidicídí a fhorfheidhmiú[12]?

---

[1] Tá tuilleadh eolais faoi na samplaí ar fad atá leagtha amach anseo ar fáil ag: https://sven-giegold.de/wp-content/uploads/2021/07/Major-Interpellation-EU-ENV-implementation.pdf
[2] https://www.eea.europa.eu/themes/data-and-maps/dashboards/necd-directive-data-viewer-3
[3] Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE;
[4] Tuarascáil ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na Treorach um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (COM(2020)0266).
[5] I gcoinne na Seicia.
[6] I gcoinne na hIodáile.
[7] I gcoinne na Beilge.
[8] I gcoinne na Polainne.
[9] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce.
[10] Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta.
[11] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú.
[12] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach.

6. I Limistéar Caomhantais Speisialta atá faoi chosaint ag an Treoir maidir le Gnáthóga, tá na coilíneachtaí diúilicíní fionnuisce is mó in Éirinn i mbaol dul in éag ó sciodar talmhaíochta. Cathain a chuirfidh an Coimisiún tús le nósanna imeachta um shárú?

7. Ceadaíonn an Fhrainc trálaeireacht ghrinnill agus dreidire a bheith ann i láithreáin Natura 2000 gan measúnuithe tionchair iomchuí. Cathain a chuirfidh an Coimisiún tús le nósanna imeachta um shárú chun an Treoir maidir le Gnáthóga a fhorfheidhmiú?

8. Leanann Málta de shealgaireacht earraigh a cheadú le linn bhuaic-imirce an fhearáin atá i mbaol in ainneoin an nós imeachta maidir le sárú atá fós ar siúl[13]. Cathain a dhéanfaidh an Coimisiún an cás a tharchur chuig an gCúirt?

9. Leantar den lománaíocht neamhdhleathach a dhéanamh ar fhoraoisí nádúrtha deireanacha na hEorpa sa Rómáin in ainneoin an nós imeachta maidir le sárú atá ar siúl faoi láthair[14]. Cathain a dhéanfaidh an Coimisiún an cás a tharchur chuig an gCúirt?

10. Tháinig téac Mhaenmar arna lománú go dleathach isteach san Aontas Eorpach de shárú ar an Rialachán maidir le hAllmhairí Adhmaid[15]. Cathain a dhéanfaidh an Coimisiún nósanna imeachta um shárú a thionscnamh i gcoinne na Gréige, na Cróite agus na Sualainne?

11. Níl na Ballstáit ar an mbóthar ceart chun cloí leis an Treoir Réime maidir le hUisce faoi 2027[16]. Cathain a dhéanfaidh an Coimisiún nósanna imeachta um shárú a thionscnamh?

12. Tá astaíochtaí troma miotail ó mhianach stáin agus tungstain San Finx sa Spáinn ag truailliú láithreáin Natura 2000, de shárú ar an Treoir maidir le Gnáthóga agus ar an Treoir Réime maidir le hUisce. Tar éis dhá ghearán a bheith déanta faoin mianach, cathain a dhéanfaidh an Coimisiún nósanna imeachta um shárú a thionscnamh?

13. Tá na milliúin gluaisteán díosail fós ag baint úsáid as gairis mhí-ionramhála. Cathain a dhéanfaidh an Coimisiún INFR(2016)4141[17] a tharchur chuig an gCúirt?

14. Níl údaráis um fhaireachas margaidh in *Länder* na Gearmáine ag feidhmiú rialuithe iomchuí ar tháirgí tomhaltais agus níl na pionóis athchomhairleach. Cathain a dhéanfaidh an Coimisiún nósanna imeachta um shárú a thionscnamh tar éis ghearán 2020?

15. Cé is moite den Fhrainc, ní chuireann aon Bhallstát ceanglais nana-lipéadaithe i bhfeidhm i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Lipéadú Bia[18]. Cathain a dhéanfaidh an Coimisiún nósanna imeachta um shárú a thionscnamh?

16. Nocht Coiste ANIT[19] na Parlaiminte sáruithe leantacha agus sáruithe doiciméadaithe ar an reachtaíocht maidir le hiompar ainmhithe[20]. Cathain a dhéanfaidh an Coimisiún nósanna imeachta dochloíte um shárú a thionscnamh?

17. An féidir leis an gCoimisiún an cur chuige atá aige faoi láthair maidir le tosaíocht a thabhairt do sháruithe a mhíniú agus conas a d’athraigh sé sin le glacadh an Chomhaontaithe Ghlais?

---

13 INFR(2020)2345.
14 INFR(2020)2033.
15 Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh.
16 Tuarascáil ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 i ndáil le cur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce agus na Treorach maidir le Tuillte(COM(2019)0095).
17 I gcoinne na Gearmáine
18 Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis faoi bhia a chur ar fáil do thomhaltóirí.
19 An Coiste Fiosrúcháin um Chosaint Ainmhithe agus iad á nIompar
20 Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar agus oibríochtaí gaolmhara.